Turasóireacht Acla
Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid E – Bun Sliabh Mór

Tosnaíonn an tsiúlóid ag an gcarr-chlós ag Óstan McDowell (1). Ag fágáil an carr-chlóis cas ar chlé, agus lean an bóthar tarra ar feadh 500m go deireadh na bpáirceanna ar do chiotóg. Iompaigh ar chlé anseo, agus ag siúl comhthreomhar le sconsa na páirce lean ort I dtreo Sliabh Mór. Iompaigh ar chlé ag barr na bpáirceanna agus lean ort chomh fada leis an dtuama meigiliteach (2). Tá radharc iontach uaidh seo. Tá Ailltreacha Mhionnán agus Cnoc Mhionnán soir ó dheas. Tá Loch Caol ó dheas. Ag breathnú siar uait tá iarsma den túr comhartha le feiceáil agus níos fuide siar Sliabh Chruachán.

Ag siúl comhthreomhar le sconsa na bpáirceanna ach ag leibhéal níos airde lean ort siar. Tá fána screathan ar do dheasóg agus thíos fút tá Baile Saoire Sliabh Mór (3) agus iarsma den cuid thoir den Bhaile Tréighte, ar a dtugtar Faiche air (4). Tá aiteann ag fás go forleathan sa gcuid is mó de na páirceanna. Lean ort i dtreo an Bhaile Tréigthe (5) agus ísligh ag an dá bhollán ghrianchloiche ar an gcnoc os cionn an bhaile. Siúl i dtreo an cosán gairbhéil. Iompaigh ar chlé, agus ag siúl thar reilig Sliabh Mór (6) lean ort chomh fada leis an mbóthar tarra agus cas ar dheis. Tóg an chéad bhóthar eile ar chlé ag an acomhal-T, agus ag dul thar foraois bheag bhuaircíneach (7) lean ort ar ais g'Óstan McDowell.



Turasóireacht Acla
Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid E – Bun Sliabh Mór (p. 2)

Pointí Suimiúla:

Grianchloch Dal Riadach atá I **Sliabh Mór** (672m), an cnoc is airde in Acaill. I rith na h-oighear aoise deiridh – Olloighriú Lár Tíre, níos mó ná 10,000 bliain ó shin – bhí Sliabh Mór agus Cruachán mar nunataic o cionn an oighearsrutha. I righ oighear aoiseanna níos luaithe do rinneadh na coirí ar fána na sléibhte seo.

(2) **Tuamaí Meigiliteacha**: I rith an tríú agus na ceathrú mílaoise roimh Chríost, sa tréimhse Neoiliteach bhí nós dá chleachtadh ag na feirmeoirí tosaigh a tháinig go hEirinn. Thóg siad tuamaí ollmhóra ar a dtugtar tuamaí meigiliteacha (ón focal Gréigise mega a chiallaíonn mór agus lithos a chiallaíonn cloch). Rinneadh adhlacadh ar go leor corp in aon tuama amháin. Tá ceithre láithreán le fáil ar an dtaobh theas de Shliabh Mór (tá trí cinn ó thuaidh ón mbóthar idir Caol agus Dumhach Goirt). Rinne Ruaidhrí De Valera agus Seán Ó Nualláin tochailt orthu i 1950. Tá droch-chaoi ar dhá cheann díobh. Seo é an sampla is fearr in Acaill agus is cúirt thuama atá ann. B'iad seo na tuamaí ba luaithe a tógadh. Tá 330 sampla sa tír, go mórmhór i dtuaisceart na tíre agus tá trí scór sampla le fáil i Maigh Eo. Tá éagsúlacht eatarthu. Tá tréith faoi leith acu i. Cúirtchlós nó spás leath-chiorcalach atá suite os comhair áiléir, atá roinnte ina dhá nó níos mó seomra beaga. Bíonn na seomraí seo clúdaithe le clocha móra. De gnáth bhí an chúirt suite ar an taobh thoir de leacht clocha. Ar cliathán na cúirte bhí clocha arda ina seasamh. Ní raibh aon díon ar an gcúirt é fhéin. Rinneadh créamadh ar na coirp agus ba sa gcúirt a déintí searmanas an adhlactha. Cuireadh earraí mar soithigh cré, scríobáin breochloiche, saigheada agus sceana san uaigh chomh maith le luaith na gcorp.

(5) Tá an **Baile Tréigthe** ar an dtaobh ó dheas de Shliabh Mór roinnte suas into trí chuid ón iarthar go dtí an oirthear ar a dtugtar Tuar, Tuar Raibhach agus Faiche orthu. Dúirt an Dr. Séamus Mac Conghamhna agus é ag cur síos ar na sean-iomairí mórthimpeall an bhaile gurb é "an córas sean-iomairí is fearr é atá le fáil sa tír".

(6) **Reilig Sliabh Mór**: Tá tobar beannaithe Naomh Colmáin anseo agus sean-chrosanna naofa.